Cuntas Leithreasa 2019

# Vóta 5

# Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 5, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 ar thuarastail agus ar speansais Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2019, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €614,000 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 5.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Oifig.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas eile mar Cheannaire Oifige. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar idirbhearta go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí in am trátha iad. Is próiseas leanúnach é córas na rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Chomhlíon mé mo dhualgais i leith riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse a bhí ann idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Tá mé ag brath ar litir dhearbhaithe a fuarthas ón Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialuithe cuí i bhfeidhm i dtaobh seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Oifig seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas ina gcuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal i gcás gur sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá nósanna imeachta i gcomhair na bpríomhphróiseas gnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creatnósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe iomchuí le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach
- athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán
- córas bainistíochta rioscaí i bhfeidhm taobh istigh den Oifig
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil chomh maith le disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail.

***Comhlíonadh soláthair***

Cinntíonn an Oifig go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha maidir le cúrsaí soláthair a chinntiú.  Chomhlíon an Oifig na treoirlínte ach amháin i gcás ocht gconradh (níos mó ná € 25,000) arbh fhiú €295,857 (gan CBL san áireamh) ar an iomlán a bhí liostaithe i mo thuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002, faoi mar atá leagtha amach thíos.

- Bhain sé cinn de na conarthaí le luach iomlán de €188,281 (gan CBL a áireamh), le seirbhísí nach raibh ann ach soláthróir amháin ina leith.
- Bhí conradh amháin le luach iomlán de €76,456 (gan CBL a áireamh) le haghaidh seirbhísí glantacháin. Bronnadh é seo faoi phróiseas iomaíoch ach leathnaíodh é níos faide ná dátaí bunaidh a chonartha. Bhí an conradh eile le luach iomlán de €31,120 (gan CBL a áireamh) le haghaidh seirbhísí cúiréireachta. Tugadh faoi phróiseas tairisceana iomaíoch don dá chonradh agus beidh conarthaí i bhfeidhm go gairid.

***Iniúchóireacht inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agam. Treoraíonn anailís ar na rioscaí airgeadais, dá nochtar an Oifig, a hobair agus bíonn a pleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla, a bhíonn á gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm leis na pleananna sin na rialuithe buntábhachtacha a chuimsiú ar bhonn leanúnach i gcaitheamh tréimhse réasúnta. Bíonn athbhreithniú á dhéanamh ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí agamsa agus ag an gCoiste Iniúchóireachta go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go leantar le tuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Creat rioscaí agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta rioscaí curtha i bhfeidhm ag an Oifig lena sonraítear agus lena dtuairiscítear rioscaí buntábhachtacha agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí don Oifig agus tá siad aitheanta, measta agus grádaithe de réir a dtábhachta. Déantar athbhreithniú agus uasdátú ar an chlár ag an mBord Bainistíochta faoi dhó sa bhliain.Úsáidtear toradh na measúnuithe seo le hacmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh le cinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí go leibhéal inghlactha.

I gclár na rioscaí, tugtar sonraí faoi na rialuithe agus na gníomhartha a bhíonn riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht as rialuithe a fheidhmiú do bhaill foirne shonracha.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe le haghaidh phróisis na monatóireachta ar rialuithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomhartha ceartúcháin a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, i gcás gurb ábhartha, go tráthúil. Deimhním go bhfuil rioscaí buntábhachtacha agus rialuithe gaolmhara sonraithe agus próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na rialuithe buntábhachtacha sin agus chun aon easnaimh dá sonraítear a thuairisciu.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistiú agus rialú rioscaí. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Oifig a bhíonn freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais bainteach le 2019, ba chúis le, nó a d’fhéadfadh a bheith mar chúis le caillteanas ábhartha.

**Barry Donoghue**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

16 Márta 2020

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 5 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

***Tuairim ar an gcuntas leithreasa***

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 5 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 5 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***An bonn faoi mo thuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

***Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile***

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

12 Meitheamh 2020

# Vóta 5 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

## Cuntas Leithreasa 2019

| | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|
| | **Soláthar Meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | |
| A Soláthar seirbhís ionchúisimh | 43,719 | 43,090 | 43,389 |
| **Ollchaiteachas** | 43,719 | 43,090 | 43,389 |
| *Lúide* | | | |
| D **Leithreasaí-i-gcabhair** | 910 | 895 | 830 |
| **Glanchaiteachas** | **42,809** | **42,195** | **42,559** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime a feidhmíodh faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Farasbarr le géilleadh** | **613,809** | **942,617** |

**Barry Donoghue**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

16 Márta 2020

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2019

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas cláir | | 25,152 | 25,919 |
| Pá | | 15,211 | 14,185 |
| Neamhphá | | 2,727 | 3,285 |
| **Ollchaiteachas** | | **43,090** | **43,389** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **895** | **830** |
| **Glanchaiteachas** | | **42,195** | **42,559** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid tirim | (193) | | |
| Dímheas | 195 | | |
| Diúscairtí airgid tirim | 3 | 5 | (227) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | 785 | | |
| Méadú ar stoc | (32) | 753 | (262) |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **42,953** | **42,070** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 2,638 | 2,239 |
| Measchíosanna | | 2,025 | 1,955 |
| **Glanchostas an chláir** | | **47,616** | **46,264** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 5 a tabhaíodh in áit eile, glan ar chostais seirbhísí a soláthraíodh do Vótaí eile.

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 12 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 1,904 | 1,543 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 508 | 478 |
| Vóta 18 | Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 20 | 17 |
| Vóta 20 | Garda Síochána | 206 | 201 |
| | | **2,638** | **2,239** |

## Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais mar a bhí 31 Nollaig 2019

| | Nóta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 549 | 554 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 889 | 875 |
| Stoic | 2.3 | 162 | 130 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 405 | 77 |
| Réamhíocaíochtaí | | 161 | 170 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | 1,617 | 1,252 |
| **Lúide sócmhainní reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 3,437 | 2,661 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.5 | 1,217 | 971 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.6 | 77 | (19) |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | 4,731 | 3,613 |
| **Glandliteanais reatha** | | (3,114) | (2,361) |
| **Glandliteanais** | | **(2,565)** | **(1,807)** |
| **Arna léiriú ag** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.7 | **(2,565)** | **(1,807)** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2019 | 575 | 3,552 | 4,127 |
| Breiseanna | 7 | 186 | 193 |
| Diúscairtí | — | (163) | (163) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2019 | 582 | 3,575 | 4,157 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2019 | 505 | 3,068 | 3,573 |
| Dímheas don bhliain | 10 | 185 | 195 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (160) | (160) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2019 | 515 | 3,093 | 3,608 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2019** | **67** | **482** | **549** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2018 | 70 | 484 | 554 |

## 2.2. Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna agus airgead tirim an Phámháistir Ghinearálta | 888 | 865 |
| Iarmhéideanna i gcuntais bhainc eile | 1 | 10 |
| | **889** | **875** |

## 2.3 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht | 23 | 29 |
| Ábhar inchaite TF | 139 | 101 |
| | **162** | **130** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 405 | 77 |

## 2.5 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 585 | 489 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 165 | 148 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 346 | 299 |
| Cáin bhreisluacha | 13 | 25 |
| | 1,109 | 961 |
| | | |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 103 | — |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | 5 | 10 |
| | **1,217** | **971** |

## 2.6 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| | | |
| Farasbarr le géilleadh | 614 | 943 |
| Deontas Státchiste neamhtharraingte | (537) | (962) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **77** | **(19)** |
| | | |
| **Arna léiriú ag** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 889 | 875 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 405 | 77 |
| | 1,294 | 952 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,109) | (961) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (108) | (10) |
| | (1,217) | (971) |
| | | |
| | **77** | **(19)** |

## 2.7 Cuntas mhaoiniú an Stáit

| | Nóta | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | (1,807) | (2,296) |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 42,809 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (614) | | |
| Glanvóta | | | 42,195 | 42,559 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1 | | 2,638 | 2,239 |
| Caiteachas nach airgead tirim é – measchíos | 1 | | 2,025 | 1,955 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (47,616) | (46,264) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **(2,565)** | **(1,807)** |

## 2.8 Ceangaltais

| Ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 328 | — |

Chomh maith leis an méid thuas, bhí ceangaltais ag an Oifig maidir le táillí dlíthiúla ag deireadh na bliana ach tá sé deacair luach na gceangaltas seo a mheas go cruinn mar gheall ar neamhchinnteachtaí dúchasacha agus stádas na gcásanna amuigh. Ní raibh ceangaltas eile a bheadh in-fheidhmithe go dlíthiúil ag an Oifig ag 31 Nollaig 2019 (2018: neamhní).

## 2.9 Dliteantais aibithe

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Meastacháin faoi dhliteanais aibithe nár glanadh ag deireadh na bliana | 13 | 67 |

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá caiteachas riaracháin a leagtar amach thíos san áireamh i gClár A, chun costálacha iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar Meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 15,538 | 15,211 | 14,185 |
| ii | Taisteal agus cothú | 176 | 205 | 169 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 1,145 | 1,077 | 970 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 240 | 227 | 211 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 791 | 828 | 1,130 |
| vi | Speansais áitribh oifige | 948 | 359 | 784 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 37 | 31 | 21 |
| | | **18,875** | **17,938** | **17,470** |

### Athruithe suntasacha

Leagtar amach leis an méid seo a leanas na cúiseanna le hathruithe suntasacha ar chaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

**vi Speansais áitribh oifige**

*Soláthar Meastacháin €948,000, toradh: €359,000*

Tharla an t-easnamh caiteachais de €589,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin toisc nár leanadh le hoibreacha athchóirithe, a bhí beartaithe a dhéanamh in 2019, chomh tapa agus a bhí beartaithe.

## Clár A Soláthar seirbhís ionchúisimh

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar Meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán - pá | 15,538 | 15,211 | 14,185 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 3,337 | 2,727 | 3,285 |
| A.3 | Táillí d’abhcóidí | 14,528 | 16,814 | 17,392 |
| A 4 | Costais dlí ghinearálta | 2,946 | 1,102 | 1,678 |
| A.5 | Seirbhís aturnaetha stáit áitiúla | 7,370 | 7,236 | 6,849 |
| | | **43,719** | **43,090** | **43,389** |

**Athruithe suntasacha**

Leagtar amach leis an méid seo a leanas na cúiseanna le hathruithe suntasacha ar chaiteachas riaracháin (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €629.000 níos ísle ná mar a soláthraíodh i dtosach báire. Bhain €937,000 de sin le caiteachas riaracháin agus míníodh cheana féin é agus is mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha a bhí iarmhéid athrú an €308,000:

**A.3 Táillí d’abhcóidí**

*Soláthar meastacháin €14.528 milliún, toradh: €16.814 milliún*

D'eascair an barrachas caiteachais de €2.286 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin toisc nach raibh an soláthar meastacháin leordhóthanach chun an bunleibhéal gníomhaíochta sna cúirteanna coiriúla a chomhlíonadh.

**A.4 Costais dlí ghinearálta**

*Soláthar meastacháin €2.946 milliún, toradh: €1.102 milliún*

Tharla an t-easnamh i gcaiteachas de €1.844 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar níos lú dámhachtainí costais in 2019 ná mar a rabhthas ag súil leis.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Fáltais ó asbhaintí aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí [a] | 782 | 708 | 731 |
| 2 | Ilghnéitheach | 128 | 187 | 99 |
| | | **910** | **895** | **830** |

Nóta [a] Tagraíonn figiúr 2018 do asbhaintí a bhaineann le pinsean. Cuireadh ranníocaíochtaí aoisliúntais bhreise ina n-ionad ón 1 Eanáir 2019.

### 4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

In 2019 ní raibh aon fháltais iníoctha leis an Státchiste ag eascairt as forghéillte a d’ordaigh na cúirteanna (2018: €19,273).

## Nóta 5 Soláthar Foirne & Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhFostaithe

| Comhionann le fostaithe lánaimsire | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | 210 | 206 |

### 5.2 Pá

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 13,863 | 13,001 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 156 | 115 |
| Ragobair | 6 | 5 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,186 | 1,064 |
| **Pá iomlán** | **15,211** | **14,185** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair ab airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2019 | 2018 |
| | | | € | € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 44 | 5 | 41,592 | 41,592 |
| Ragobair | 11 | — | 1,537 | 944 |

### 5.4 Socruithe eile maidir le luach saothair

Áirítear sa chuntas seo caiteachas de €151,382 (2018: €149,906) i leith oifigeach amháin a bhí ag freastal taobh amuigh den Oifig i 2019 agus ar íocadh a chuid tuarastal as Fo-mhícheann A.1

### 5.5 Ró-íocaíochtaí

| ag 31 Nollaig | Líon na bhfaighteoirí | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Ró-íocaíochtaí | 10 | 21,885 | 14,625 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 3 | 5,385 | — |